IARSCRÍBHINN II

# TUAIRISCIÚ d'EISITHEOIRÍ COMHARTHAÍ SÓCMHAINN-TAGARTHA AGUS COMHARTHAÍ RÍOMH-AIRGID – TREORACHA

Clár ábhar


**CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA .................................................................. 2**

**I. STRUCHTÚR ....................................................................................... 2**

**II. RAON FEIDHME AN TUAIRISCITHE .................................................................. 2**

**CUID II: CISTÍ DÍLSE (S 09.01 AGUS S 09.02) ..................................................... 4**

**III. BARÚLACHA GINEARÁLTA FAOI THEIMPLÉAD S 09.01.......................................... 4**

**IV. TREORACHA A BHAINEANN LE STAIDEANNA SONRACHA THEIMPLÉAD S 09.01 ............ 5**

**V. BARÚLACHA GINEARÁLTA FAOI THEIMPLÉAD S 09.02.......................................... 6**

**VI. TREORACHA A BHAINEANN LE STAIDEANNA SONRACHA THEIMPLÉAD S 09.02 ............ 8**

**CUID III: DRÉIMIRE AIBÍOCHTA AN CHÚLCHISTE SÓCMHAINNÍ (S 03.03) ......... 8**

**VII. BARÚLACHA GINEARÁLTA FAOI THEIMPLÉAD S 03.03.......................................... 8**

**VIII. TREORACHA A BHAINEANN LE STAIDEANNA SONRACHA THEIMPLÉAD S 03.03 .......... 10**

**CUID IV: FAISNÉIS BHREISE DO MHEASÚNÚ AR SHUNTAS (S 10.01, S 10.02 AGUS S 10.03) ................................................................................ 18**

**IX. BARÚLACHA GINEARÁLTA FAOI THEIMPLÉAD S 10.01........................................ 18**

**X. TREORACHA A BHAINEANN LE STAIDEANNA SONRACHA THEIMPLÉAD S 10.01 .......... 18**

**XI. BARÚLACHA GINEARÁLTA FAOI THEIMPLÉAD S 10.02........................................ 20**

**XII. TREORACHA A BHAINEANN LE STAIDEANNA SONRACHA THEIMPLÉAD S 10.02 .......... 21**

**XIII. BARÚLACHA GINEARÁLTA FAOI THEIMPLÉAD S 10.03........................................ 22**

**XIV. TREORACHA A BHAINEANN LE STAIDEANNA SONRACHA THEIMPLÉAD S 10.03 .......... 23**

## CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA

I. Struchtúr

1. San Iarscríbhinn seo tá na treoracha maidir le tuairisciú na dteimpléad d'eisitheoirí le fáil.

2. Tagraítear san Iarscríbhinn seo do na tacair dhifriúla teimpléad seo a leanas:

(a) cistí dílse (S 09.01 agus S 09.02);

(b) dréimire aibíochta do chomhdhéanamh an chúlchiste sócmhainní (S 03.03);

(c) faisnéis bhreise maidir le measúnú ar shuntas (S 10.01, S 10.02 agus S 10.03).

3. Cuirtear tagairtí dlí ar fáil i gcomhair gach teimpléid, más cuí. Áirítear san Iarscríbhinn seo tuilleadh faisnéis mhionsonraithe faoi ghnéithe níos ginearálta den tuairisciú ar gach tacar teimpléad agus treoracha maidir le staideanna sonracha.

4. Cloítear leis an nodaireacht ghinearálta seo a leanas sna treoracha: {Teimpléad; Ró; Colún; z-ais}. I gcás teimpléad nach bhfuil ach aon cholún amháin iontu, ní thagraítear ach do rónna {Teimpléad; Ró}; agus le z-ais i gcás inarb infheidhme.

5. I gcás na dteimpléad sin i gcás inarb infheidhme, ba cheart d'eisitheoirí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis arna comhroinnt ag na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní.

II. Raon feidhme an tuairiscithe

6. Na heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid sin faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1114[1].

7. Ba cheart d'eisitheoirí na tacair teimpléad is infheidhme san Iarscríbhinn seo a thuairisciú ar leithligh do gach comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid atá faoi réir na n-oibleagáidí tuairiscithe.

8. Ba cheart d'eisitheoirí an fhaisnéis seo a leanas a chur leis na sonraí atá á gcur isteach:

(a) dáta tagartha maidir le tuairisciú agus tréimhse thagartha;

(b) airgeadra tuairiscithe;

(c) i gcás eintiteas dlítheanach, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI) an eisitheora, agus i gcás daoine nádúrtha, an uimhir aitheantais náisiúnta oifigiúil is infheidhme sa Bhallstát baile;

(d) an cineál comhartha, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (6) agus pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/1114, agus cód aitheantais, tagairt nó ainm gaolmhar an

[1] Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoir 2013/36/AE agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch 40).

chomhartha, i gcás ina bhfuil sé ar fáil bunaithe ar pháipéar bán foilsithe an chomhartha i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2023/1114, is ábhar do na tuarascálacha a cuireadh isteach;

(e) cibé acu an ndéantar tagairt sa chomhartha ach d'airgeadraí oifigiúla; tagairtí seachas airgeadraí oifigiúla amháin; nó tagairtí d'airgeadraí oifigiúla agus seachas airgeadraí oifigiúla araon (meascán den dá rogha roimhe seo);

(f) cibé acu an aicmítear nó nach n-aicmítear an comhartha mar chomhartha suntasach i gcomhréir le hAirteagal 43 nó le hAirteagal 56 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(g) nach bhfuair an t-eisitheoir an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn III, de réir na dtreoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV de na Treoirlínte seo, ó na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, i gcás inarb infheidhme.

## CUID II: CISTÍ DÍLSE (S 09.01 agus S 09.02)

III. Barúlacha ginearálta faoi theimpléad S 09.01

9. I dTeimpléad S 09.01, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 35 agus in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2023/1114, tá faisnéis a bhaineann le cistí dílse eisitheoirí maidir leis an gcomhartha faoin raon feidhme tuairiscithe. Is eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, institiúidí ríomh-airgid a eisíonn comharthaí ríomh-airgid suntasacha iad na heisitheoirí faoi raon feidhme an teimpléid seo agus, i gcás ina gceanglaíonn an t-údarás inniúil é de réir Airteagal 58(2)

de Rialachán (AE) 2023/1114, institiúidí ríomh-airgid a eisíonn comharthaí ríomh-airgid neamhshuntasacha.

IV. Treoracha a bhaineann le staideanna sonracha theimpléad S 09.01

| Ró | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **<u>Íosmhéid na gceanglas cistí dílse ar an dáta tagartha</u>**<br><br>Íosmhéid na gceanglas cistí dílse ar an dáta tagartha, i gcomhréir le hAirteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, agus, i gcás comharthaí suntasacha, Airteagal 45(5) den Rialachán sin á chur san áireamh freisin. |
| 0020 | **<u>Meánmhéid an chúlchiste sócmhainní</u>**<br><br>Meánmhéid an chúlchiste sócmhainní, mar a shainmhínítear faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus sna caighdeáin rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114, arna ríomh thar na sé mhí roimh an dáta tagartha, de réir na sonraíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, is é sin [‘*...ciallóidh meánmhéid na gcúlsócmhainní meánmhéid na gcúlsócmhainní ag deireadh gach lae féilire, arna ríomh thar na 6 mhí roimhe sin*’]. |
| 0030 | **<u>Ceathrú d’fhorchostais sheasta na bliana roimhe sin</u>**<br><br>An ceathrú cuid d’fhorchostais sheasta na bliana roimhe sin, de réir Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2023/1114. Mar a shonraítear tuilleadh san airteagal céanna, ba cheart an méid seo [‘*...a athbhreithniú go bliantúil agus a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 67(3)’*] de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0040 | **<u>Méid na gcistí dílse ar an dáta tagartha</u>**<br><br>Méid na gcistí dílse arna ríomh ar an dáta tagartha, de réir Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2023/114. |
| 0050 | **<u>Ceanglas cistí dílse breise</u>**<br><br>Más infheidhme, an méid breise is gá de na ceanglais cistí dílse, de réir mhír (1) go dtí mír (3) d’Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0060 | **<u>Ceanglais cistí dílse breise i ngeall ar thoradh na tástála struis</u>**<br><br>Más infheidhme, an méid breise is gá de na ceanglais cistí dílse, de réir mhír (5) d’Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0070 | **<u>An cóimheas idir méid na gcistí dílse agus meánmhéid an chúlchiste sócmhainní</u>**<br><br>Méid na gcistí dílse, mar a thuairiscítear i ró 0040 den teimpléad seo, roinnte ar mheánmhéid an chúlchiste sócmhainní, mar a shainmhínítear faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus sna caighdeáin rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114.<br><br>Meánmhéid an chúlchiste sócmhainní a bheidh le ríomh de réir na sonraíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, is é sin [‘*...ciallóidh meánmhéid na gcúlsócmhainní meánmhéid na gcúlsócmhainní ag deireadh gach lae féilire, arna ríomh thar na 6 mhí roimhe sin*’]. |

V. Barúlacha ginearálta faoi theimpléad S 09.02

10. I dTeimpléad S 09.02, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 35 agus in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2023/1114, tá comhdhéanamh eisitheoirí Gnáthchothromas Leibhéal 1 de mhéid a gcistí dílse atá ar fáil a bhaineann leis an gcomhartha faoin raon feidhme tuairiscithe. Is eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, institiúidí ríomh-airgid a eisíonn comharthaí ríomh-airgid suntasacha iad na heisitheoirí faoi raon feidhme an teimpléid seo agus, i gcás ina

gceanglaíonn an t-údarás inniúil é de réir Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, institiúidí ríomh-airgid a eisíonn comharthaí ríomh-airgid neamhshuntasacha.

VI. Treoracha a bhaineann le staideanna sonracha theimpléad S 09.02

| Ró | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **Caipiteal Gnáthchothromais Leibhéal 1**<br><br>De réir Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, caipiteal Gnáthchothromais Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 26 go dtí Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (CRR)[2]. Tá an mhír seo le tuairisciú sa ró seo gan aon asbhaint. |
| 0020 | **Ionstraimí caipitil incháilithe mar chaipiteal CET1**<br><br>De réir Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, na hionstraimí caipitil atá incháilithe mar chaipiteal CET1 i gcomhréir le hAirteagal 26 go dtí Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Tá an mhír seo le tuairisciú sa ró seo gan aon asbhaint. |
| 0030 | **Tuilleamh coinnithe**<br><br>De réir Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, an tuilleamh coimeádta i gcomhréir le hAirteagal 26 go dtí Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Tá an mhír seo le tuairisciú sa ró seo gan aon asbhaint. |
| 0040 | **Ioncam cuimsitheach carntha eile**<br><br>De réir Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, an t-ioncam cuimsitheach carntha eile i gcomhréir le hAirteagal 26 go dtí Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Tá an mhír seo le tuairisciú sa ró seo gan aon asbhaint. |
| 0050 | **Cúlchistí eile**<br><br>De réir Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, cúlchistí eile i gcomhréir le hAirteagal 26 go dtí Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Tá an mhír seo le tuairisciú sa ró seo gan aon asbhaint. |
| 0060 | **Aon chiste incháilithe eile**<br><br>De réir Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, aon chiste incháilithe eile nach dtuairiscítear cheana féin i ró 0020-0050 den teimpléad seo i gcomhréir le hAirteagal 26 go dtí Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Tá an mhír seo le tuairisciú sa ró seo gan aon asbhaint. |
| 0070 | **Asbhaintí**<br><br>De réir Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, na hasbhaintí de bhun Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, gan na díolúintí tairsí dá dtagraítear in Airteagal 46(4) agus in Airteagal 48 den Rialachán céanna a chur i bhfeidhm. |

## CUID III: DRÉIMIRE AIBÍOCHTA AN CHÚLCHISTE SÓCMHAINNÍ (S 03.03)

VII. Barúlacha ginearálta faoi theimpléad S 03.03

11. Ba cheart sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha, mar a thuairiscítear i rónna ábhartha an teimpléid seo, a leithdháileadh thar an dá eatramh ama déag, mar a thuairiscítear i gcolúin ábhartha an teimpléid seo, i gcomhréir lena n-aibíocht chonarthach iarmharach i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú, agus ba cheart laethanta, seachtainí agus míonna a thagraíonn do laethanta oibre, do sheachtainí féilire agus do mhíonna féilire faoi seach a chur san áireamh. Ba cheart idirbhearta athcheannaigh droim ar ais is féidir a fhoirceannadh agus airgead tirim is féidir a aistarraingt, trí réamhfhógra a thabhairt maidir leis an aibíocht a chomhfhreagraíonn do gach eatramh ama, a chur leo freisin.

12. Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid margadhluach na sócmhainní a thuairisciú, nó méid na sócmhainní, na n-insreafaí agus na n-eis-sreafaí, i gcás inarb infheidhme. An margadhluach a tuairiscíodh:

(a) ba cheart go gcuirfí san áireamh glan-eis-sreafaí agus glan-insreafaí a mbeadh dúnadh luath an fhálúcháin mar thoradh orthu, lena n-áirítear díorthaigh lena bhfálaítear an difríocht idir an t-athrú ar mhargadhluach na gcúlsócmhainní agus an t-athrú ar mhargadhluach na sócmhainní dá dtagraítear leis an gcomhartha;

(b) níor cheart caolchorrlaigh rialála a chur san áireamh.

13. Go ginearálta, ba cheart d'eisitheoirí luachanna dearfacha a thuairisciú ar fud an teimpléid, cé gur cheart eisceachtaí a urramú i gcás díorthach ó ró 0480 go dtí ró 0540 i gcás inar gá luachanna glanta na ngnéithe díorthacha a thuairisciú.

14. Níor cheart go gcuirfí san áireamh i sócmhainní a thuairiscítear faoi ró 0010 go dtí ró 0180 an sásra leachtaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 6 de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.

15. Ba cheart d'institiúidí ríomh-airgid a eisíonn comharthaí ríomh-airgid nach bhfuil suntasach, agus nach raibh oibleagáid orthu an ceanglas maidir leis an gcúlchiste sócmhainní a chomhlíonadh de réir Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, an teimpléad seo a thuairisciú leis na sonraí a bhaineann le méid na dtaiscí in institiúidí creidmheasa agus le margadhluach na n-ionstraimí airgeadais ardleachtacha ba cheart a bheith acu i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2023/1114. I gcásanna den sórt sin, ba cheart neamhaird a dhéanamh de na tagairtí do chúlchiste sócmhainní sna treoracha le haghaidh rónna sonracha an teimpléid seo, agus ba cheart do na heisitheoirí atá faoin raon feidhme na ceanglais a eascraíonn ó phointe (b) thuasluaite d'Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2023/1114 a chur san áireamh.

16. Ba cheart d'eisitheoirí na míreanna uile sa teimpléad seo a thuairisciú san airgeadra tuairiscithe, gan beann ar ainmníocht iarbhír na míreanna sin. Chun na gcríoch sin, ba cheart míreanna nach bhfuil ainmnithe san airgeadra tuairiscithe a chomhshó san airgeadra tuairiscithe trí úsáid a bhaint as an spotráta malairte ÚBE is infheidhme ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú. Ba cheart go dtuairisceodh eisitheoirí ar leithligh

[2] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch 1-337).

freisin míreanna an teimpléid sin atá ainmnithe san airgeadra céanna, arna gcur i láthair ina n-airgeadra ainmníochta tríd an luach z-ais gaolmhar a shocrú dá réir sin.

VIII. Treoracha a bhaineann le staideanna sonracha theimpléad S 03.03

| Colún | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **Suas le 1 lá**<br>Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht chonarthach iarmharach aonair nach faide ná lá amháin i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |
| 0020 | **Níos mó ná 1 lá suas le 5 lá**<br>Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht iarmharach aonair níos mó ná lá amháin suas le cúig lá i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |
| 0030 | **Níos mó ná 5 lá suas le 2 sheachtain**<br>Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht iarmharach aonair níos mó ná cúig lá suas le dhá sheachtain i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |
| 0040 | **Níos mó ná 2 sheachtain suas le 3 seachtaine**<br>Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht iarmharach aonair níos mó ná dhá sheachtain suas le trí seachtaine i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |
| 0050 | **Níos mó ná 3 seachtaine suas le 1 mhí**<br>Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht iarmharach aonair níos mó ná trí seachtaine suas le mí amháin i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |
| 0060 | **Níos mó ná 1 mhí suas le 2 mhí**<br>Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht iarmharach aonair níos mó ná mí amháin suas le dhá mhí i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |
| 0070 | **Níos mó ná 2 mhí suas le 3 mhí**<br>Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht iarmharach aonair níos mó ná dhá mhí suas le trí mhí i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |
| 0080 | **Níos mó ná 3 mhí suas le 6 mhí** |

| | |
|---|---|
| | Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht iarmharach aonair níos mó ná trí mhí suas le sé mhí i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |
| 0090 | **Níos mó ná 6 mhí suas le 12 mhí**<br><br>Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht iarmharach aonair níos mó ná sé mhí suas le dhá mhí dhéag i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |
| 0100 | **Níos mó ná 12 mhí suas le 36 mí**<br><br>Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht iarmharach aonair níos mó ná dhá mhí dhéag suas le sé mhí is tríocha i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |
| 0110 | **Níos mó ná 36 mí suas le 60 mí**<br><br>Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht iarmharach aonair níos mó ná sé mhí is tríocha suas le seasca mí i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |
| 0120 | **Níos mó ná 60 mí**<br><br>Sócmhainní, insreafaí agus eis-sreafaí ábhartha ag a bhfuil aibíocht iarmharach aonair níos mó ná seasca mí i ndáil leis an dáta tagartha maidir le tuairisciú. |

| Rónna | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **Boinn agus nótaí bainc**<br><br>Méid iomlán na mbonn agus na nótaí bainc sa chúlchiste sócmhainní. |
| 0020 | **Taiscí le hinstitiúidí creidmheasa**<br><br>Méid na dtaiscí sa chúlchiste sócmhainní arna sealbhú le hinstitiúidí creidmheasa. |
| 0030 | **CCC1**<br><br>Méid na dtaiscí le hinstitiúidí creidmheasa faoi ró 0020 a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 1 sannta ag ISMC ainmnithe lena n-aghaidh. |
| 0040 | **CCC2**<br><br>Méid na dtaiscí le hinstitiúidí creidmheasa faoi ró 0020 a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 2 sannta ag ISMC ainmnithe lena n-aghaidh. |
| 0050 | **CCC3**<br><br>Méid na dtaiscí le hinstitiúidí creidmheasa faoi ró 0020 a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 3 sannta ag ISMC ainmnithe lena n-aghaidh. |
| 0060 | **CCC4+** |

| | |
|---|---|
| | Méid na dtaiscí le hinstitiúidí creidmheasa faoi ró 0020 a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 4 nó níos measa sannta ag ISMC ainmnithe lena n-aghaidh. |
| 0070 | **<u>Gan CCC ISMC</u>**<br>Méid na dtaiscí le hinstitiúidí creidmheasa faoi ró 0020 gan céim cáilíochta creidmheasa sannta ag ISMC ainmnithe. |
| 0080 | **<u>Tráchtearraí</u>**<br>Margadhluach tráchtearraí nó scaireanna i gcistí a infheistíonn i dtráchtearraí d'fhonn praghas tráchtearraí tagartha a rianú, a shealbhaítear sa chúlchiste sócmhainní. |
| 0090 | **<u>Sócmhainní in ionannas le héilimh ar bhainc cheannais nó arna ráthú acu</u>**<br>Méid nó margadhluach ionstraimí airgeadais ardleachtacha sa chúlchiste sócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114 in ionannas le héilimh ar bhainc cheannais nó arna ráthú acu dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(b) agus (d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.[3]. |
| 0100 | **<u>Sócmhainní in ionannas le héilimh ar rialtais láir nó arna ráthú acu</u>**<br>Margadhluach ionstraimí airgeadais ardleachtacha sa chúlchiste sócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114 in ionannas le héilimh ar rialtais láir nó arna ráthú acu dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(c) agus (d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. |
| 0110 | **<u>Sócmhainní in ionannas le héilimh ar rialtais réigiúnacha/ar údaráis áitiúla nó arna ráthú acu</u>**<br>Margadhluach ionstraimí airgeadais ardleachtacha sa chúlchiste sócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114 in ionannas le héilimh ar rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla nó arna ráthú acu dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. |
| 0120 | **<u>Sócmhainní in ionannas le héilimh ar eintitis earnála poiblí nó arna ráthú acu</u>**<br>Margadhluach ionstraimí airgeadais ardleachtacha sa chúlchiste sócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114 in ionannas le héilimh ar eintitis san earnáil phoiblí nó arna ráthú acu dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. |

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an gceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lch 1–36).

| | |
|---|---|
| 0130 | **Sócmhainní in ionannas le héilimh ar institiúidí creidmheasa nó arna ráthú acu (arna gcosaint ag rialtas Ballstáit, iasachtóir cur chun cinn)**<br>Margadhluach ionstraimí airgeadais ardleachtacha sa chúlchiste sócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114 eisithe ag instititúidí creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. |
| 0140 | **Sócmhainní in ionannas le héilimh ar bhainc forbartha iltaobhacha agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta nó arna ráthú acu**<br>Margadhluach ionstraimí airgeadais ardleachtacha sa chúlchiste sócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114 in ionannas le héilimh ar bhainc forbartha iltaobhacha agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta nó arna ráthú acu dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(g) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. |
| 0150 | **Aonaid gnóthas comhinfheistíochta (GC) cháilitheacha**<br>Margadhluach ionstraimí airgeadais ardleachtacha sa chúlchiste sócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114 in ionannas le scaireanna nó le haonaid in GCanna dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Ba cheart go dtuairisceofar anseo freisin margadhluach aonad in GCUI sa chúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0160 | **Bannaí faoi chumhdach ar fhíor-ardchaighdeán**<br>Margadhluach ionstraimí airgeadais ardleachtacha sa chúlchiste sócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114 in ionannas le neamhchosaintí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61. |
| 0170 | **Ionstraimí airgeadais ardleachtacha eile, lena rianaítear na sócmhainní tagartha**<br>Margadhluach ionstraimí airgeadais ardleachtacha sa chúlchiste sócmhainní lena rianaítear na sócmhainní dá dtagraítear, a thagann faoi Airteagal 2(1)(a)(iii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0180 | **Cúlsócmhainní eile**<br>Méid/margadhluach aon sócmhainne eile sa chúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0190 | **Idirbhearta athcheannaigh droim ar ais** |

| | |
|---|---|
| 0200 | **Insreafaí airgid**<br>Méid na n-insreafaí airgid ó idirbhearta athcheannaigh droim ar ais. |
| 0210 | **Eis-sreafaí comhthaobhachta**<br>Margadhluach eis-sreafaí comhthaobhachta ó idirbhearta athcheannaigh droim ar ais. |
| 0220 | **Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(i) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114**<br>Margadhluach na comhthaobhachta a fuarthas in idirbhearta athcheannaigh droim ar ais mar a thuairiscítear i ró 0090 go dtí ró 0150. |
| 0230 | **Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(ii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114**<br>Margadhluach na comhthaobhachta a fuarthas in idirbhearta athcheannaigh droim ar ais mar a tuairiscíodh i ró 0160. |
| 0240 | **Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(iii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114**<br>Margadhluach na comhthaobhachta a fuarthas in idirbhearta athcheannaigh droim ar ais mar a tuairiscíodh i ró 0170. |
| 0250 | **Cúlsócmhainní eile**<br>Margadhluach na comhthaobhachta a fuarthas in idirbhearta athcheannaigh droim ar ais mar a tuairiscíodh i ró 0180. |
| 0260 | **Sócmhainní eile (sócmhainní neamh-chúlchistí)**<br>Margadhluach na comhthaobhachta a fuarthas in idirbhearta athcheannaigh droim ar ais nach n-áirítear sna cúlsócmhainní. |
| 0270 | **Idirbhearta athcheannaigh** |
| 0280 | **Eis-sreafaí airgid**<br>Méid an eis-sreafa airgid ó idirbhearta athcheannaigh. |
| 0290 | **Insreafaí comhthaobhachta**<br>Margadhluach na n-insreafaí comhthaobhachta ó idirbhearta athcheannaigh. |
| 0300 | **Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(i) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114** |

| | |
|---|---|
| | Margadhluach na comhthaobhachta postáilte in idirbhearta athcheannaigh a cháileodh, dá mbeadh sé neamhualaithe, mar chúlsócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(i) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0310 | **<u>Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(ii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114</u>**<br>Margadhluach na comhthaobhachta postáilte in idirbhearta athcheannaigh a cháileodh, dá mbeadh sé neamhualaithe, mar chúlsócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(ii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0320 | **<u>Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(iii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114</u>**<br>Margadhluach na comhthaobhachta postáilte in idirbhearta athcheannaigh a cháileodh, dá mbeadh sé neamhualaithe, mar chúlsócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(iii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0330 | **<u>Cúlsócmhainní eile</u>**<br>Margadhluach na comhthaobhachta postáilte in idirbhearta athcheannaigh a cháileodh, dá mbeadh sé neamhualaithe, mar chúlsócmhainní eile seachas mar a bheartaítear faoi phointe (i), pointe (ii) nó pointe (iii) faoi Airteagal 2(1)(a) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0340 | **<u>Sócmhainní eile (sócmhainní neamh-chúlchistí)</u>**<br>Margadhluach na comhthaobhachta postáilte in idirbhearta athcheannaigh nach gcáileodh mar shócmhainní cúlchiste, fiú dá mbeadh sé neamhualaithe. |
| 0350 | **<u>Babhtálacha comhthaobhachta</u>** |
| 0360 | **<u>Eis-sreafaí comhthaobhachta</u>**<br>Margadhluach na n-eis-sreafaí comhthaobhachta ó bhabhtálacha comhthaobhachta. |
| 0370 | **<u>Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(i) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114</u>**<br>Margadhluach na comhthaobhachta a fuarthas i mbabhtálacha comhthaobhachta mar a thuairiscítear i ró 0090 go dtí 0150. |
| 0380 | **<u>Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(ii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114</u>** |

| | |
|---|---|
| | Margadhluach na comhthaobhachta a fuarthas i mbabhtálacha comhthaobhachta mar a tuairiscíodh i ró 0160. |
| 0390 | **Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(iii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114**<br>Margadhluach na comhthaobhachta a fuarthas i mbabhtálacha comhthaobhachta mar a tuairiscíodh i ró 0170. |
| 0400 | **Cúlsócmhainní eile**<br>Margadhluach na comhthaobhachta a fuarthas i mbabhtálacha comhthaobhachta mar a tuairiscíodh i ró 0180. |
| 0410 | **Sócmhainní eile (sócmhainní neamh-chúlchistí)**<br>Margadhluach na comhthaobhachta a fhaightear i mbabhtálacha comhthaobhachta nach n-áirítear sna cúlsócmhainní. |
| 0420 | **Insreafaí comhthaobhachta**<br>Margadhluach na n-insreafaí comhthaobhachta ó bhabhtálacha comhthaobhachta. |
| 0430 | **Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(i) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114**<br>Margadhluach na comhthaobhachta postáilte in idirbhearta athcheannaigh a cháileodh, dá mbeadh sé neamhualaithe, mar chúlsócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(i) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0440 | **Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(ii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114**<br>Margadhluach na comhthaobhachta postáilte in idirbhearta athcheannaigh a cháileodh, dá mbeadh sé neamhualaithe, mar chúlsócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(ii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0450 | **Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(iii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114**<br>Margadhluach na comhthaobhachta postáilte in idirbhearta athcheannaigh a cháileodh, dá mbeadh sé neamhualaithe, mar chúlsócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(iii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0460 | **Cúlsócmhainní eile** |

| | |
|---|---|
| | Margadhluach na comhthaobhachta postáilte in idirbhearta athcheannaigh a cháileodh, dá mbeadh sé neamhualaithe, mar chúlsócmhainní eile. |
| 0470 | **<u>Sócmhainní eile (sócmhainní neamh-chúlchistí)</u>**<br>Margadhluach na comhthaobhachta postáilte in idirbhearta athcheannaigh nach gcáileodh mar shócmhainní cúlchiste, fiú dá mbeadh sé neamhualaithe. |
| 0480 | **<u>Díorthaigh fálúcháin</u>**<br>Glan-eis-sreafaí nó glan-insreafaí a mbeadh mar thoradh orthu go ndúnfaí go luath díorthaigh fálúcháin d'ionstraimí airgeadais ardleachtacha, dá dtagraítear in Airteagal 4 de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, nó díorthaigh fálúcháin a bhaineann leis na sócmhainní faoi thagairt ag na comharthaí dá dtagraítear in Airteagal 3 de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.<br>Ba cheart na glan-eis-sreafaí nó na glan-insreafaí sin a áireamh laistigh de mhargadhluach na míreanna a thuairiscítear mar chúlsócmhainní sa teimpléad seo. |
| 0490 | **<u>Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(i) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114</u>**<br>Méid na ndíorthach fálúcháin mar a thuairiscítear i ró 0480 i gcás ina bhfuil an mhír fhálaithe beartaithe faoi Airteagal 2(1)(a)(i) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0500 | **<u>Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(ii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114</u>**<br>Méid na ndíorthach fálúcháin mar a thuairiscítear i ró 0480 i gcás ina bhfuil an mhír fhálaithe beartaithe faoi Airteagal 2(1)(a)(ii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0510 | **<u>Sócmhainní faoi Airteagal 2(1)(a)(iii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114</u>**<br>Méid na ndíorthach fálúcháin mar a thuairiscítear i ró 0480 i gcás ina bhfuil an mhír fhálaithe beartaithe faoi Airteagal 2(1)(a)(iii) de na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114. |
| 0520 | **<u>Tráchtearraí</u>**<br>Méid na ndíorthach fálúcháin mar a thuairiscítear i ró 0480 i gcás inar tráchtearraí í an mhír fhálaithe. |
| 0530 | **<u>Cúlsócmhainní eile</u>** |

| | |
|---|---|
| | Méid na ndíorthach fálúcháin mar a thuairiscítear i ró 0480 i gcás inar cúlsócmhainní eile í an mhír fhálaithe seachas iad siúd atá beartaithe faoi ró 0490, ró 0500, ró 0510 nó ró 0520. |
| 0540 | **Díorthaigh neamhfhálúcháin**<br>Glan-eis-sreafaí nó glan-insreafaí a mbeadh mar thoradh orthu go dtarlódh dúnadh luath de gach díorthach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (29), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014[4] nach bhfuil deartha mar fháluithe cúlsócmhainní. |

| z-ais | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| Airgeadra | Ba cheart go léireodh an t-eisitheoir cén t-airgeadra atá faoin raon feidhme i gcomhréir le mír 16 don teimpléad a chuirtear i láthair. |

## CUID IV: FAISNÉIS BHREISE DO MHEASÚNÚ AR SHUNTAS (S 10.01, S 10.02 agus S 10.03)

IX. Barúlacha ginearálta faoi theimpléad S 10.01

17. Áirítear i dTeimpléad S 10.01 an fhaisnéis is gá don mheasúnú ar shuntas de réir Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1506 ón gCoimisiún[5], nach gcumhdaítear le haon teimpléad eile faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún[6] nó le haon chuid eile den Iarscríbhinn seo a ghabhann leis na Treoirlínte seo.

X. Treoracha a bhaineann le staideanna sonracha theimpléad S 10.01

| Rónna | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **Caipitliú margaidh an chomhartha laistigh den Aontas**<br>De réir Airteagal 43(1)(b) de Rialachán (AE) 2023/1114, caipitliú margaidh an chomhartha amhail ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.<br>Ní dhéanfar ach caipitliú margaidh an chomhartha laistigh den AE atá le tuairisciú.<br>I gcásanna ina n-eisíonn eisitheoirí éagsúla san AE nó lasmuigh den AE an comhartha céanna, ba cheart caipitliú margaidh laistigh den AE den chomhartha arna eisiúint ag na heisitheoirí go léir, san AE nó lasmuigh den AE, a thuairisciú anseo. |

4 Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014).

5 Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1506 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chritéir áirithe a shonrú chun comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid a aicmiú mar chomharthaí suntasacha (IO L, 2024/1506, 30.5.2024).

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha agus le comharthaí ríomh-airgid atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é (IO L, 2024/2902, 28.11.2024).

| | |
|---|---|
| 0020 | **<u>Caipitliú margaidh an chomhartha ar scála idirnáisiúnta lasmuigh den Aontas</u>**<br><br>De réir Airteagal 43(1)(b) de Rialachán (AE) 2023/1114 agus mar a shonraítear tuilleadh le hAirteagal 2(1)(c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1506 ón gCoimisiún, caipitliú margaidh an chomhartha ar scála idirnáisiúnta amhail ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.<br><br>Níl le tuairisciú ach caipitliú margaidh an chomhartha lasmuigh den Aontas.<br><br>I gcásanna ina n-eisíonn eisitheoirí éagsúla san Aontas nó lasmuigh den Aontas an comhartha céanna, ba cheart caipitliú margaidh lasmuigh den Aontas den chomhartha arna eisiúint ag na heisitheoirí go léir, san Aontas nó lasmuigh den Aontas, a thuairisciú anseo. |
| 0030 | **<u>Ainmniú an eisitheora mar 'gheatóir' 'croísheirbhísí ardáin' i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1925</u>**[7]<br><br>Léiriú an eisitheora, cibé acu an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar na critéir shuntais a shonraítear in Airteagal 43(1)(d) de Rialachán (AE) 2023/1114.<br><br>Tá luach 'Tá' nó 'Níl' le tuairisciú sa chill seo. |
| 0040 | **<u>Eisiúint ART nó EMT eile</u>**<br><br>Eisíonn an t-eisitheoir léiriú an eisitheora, cibé acu de réir na gcritéar suntais a shonraítear in Airteagal 43(1)(g) de Rialachán (AE) 2023/1114, níos mó ná comhartha sócmhainn-tagartha amháin agus/nó comhartha ríomh-airgid amháin.<br><br>Tá luach 'Tá' nó 'Níl' le tuairisciú sa chill seo. |
| 0050 | **<u>Seirbhís cripteashócmhainní á soláthar ag an eisitheoir</u>**<br><br>Is é léiriú an eisitheora, cibé acu de réir nó i gcoinne na gcritéar suntais a shonraítear in Airteagal 43(1)(g) de Rialachán (AE) 2023/1114 a sholáthraíonn an t-eisitheoir seirbhís cripteashócmhainní amháin ar a laghad.<br><br>Tá luach 'Tá' nó 'Níl' le tuairisciú sa chill seo. |

| Colúin | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **<u>Méid</u>**<br><br>An méid atá le tuairisciú mar atá sainmhínithe le haghaidh ró 0010 agus ró 0020 den teimpléad seo. |

[7] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Treoir (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch 1–66).

| | |
|---|---|
| 0020 | **<u>Is ea/Ní hea</u>**<br>Tá luachanna 'Tá' nó 'Níl' le tuairisciú, de réir na sonraíochtaí dá bhforáiltear i ró 0030–0050 den teimpléad seo. |

XI. Barúlacha ginearálta faoi theimpléad S 10.02

18. Áirítear i dTeimpléad S 10.02 faisnéis bhreise is gá don mheasúnú ar shuntas de réir Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1506 ón gCoimisiún nach gcumhdaítear le haon teimpléad eile faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2902 ón gCoimisiún nó le haon chuid eile den Iarscríbhinn seo a ghabhann leis na Treoirlínte seo.

19. Tá na sonraíochtaí seo a leanas le cur san áireamh don teimpléad seo freisin:

(a) Faoi Airteagal 3(1)(36) de Rialachán (AE) 2023/1114, ciallaíonn 'sealúchas cáilithe' sealúchas díreach nó indíreach ar bith in eisitheoir ARTanna nó i soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní arb ionann é agus 10 % ar a laghad den chaipiteal nó de na cearta vótála, mar a leagtar amach in Airteagal 9 agus Airteagal 10 de Threoir 2004/109/CE, [8], faoi seach, agus na coinníollacha maidir le comhiomlánú de a leagtar síos in Airteagal 12(4) agus (5) den Treoir sin á gcur san áireamh, nó a chiallaíonn gur féidir tionchar suntasach a imirt ar bhainistiú an eisitheora ARTanna nó ar bhainistiú an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ina bhfuil an sealúchas sin ar marthain.

(b) I ndáil le ARTanna arna n-eisiúint ag gnóthais dhlíthiúla seachas institiúidí creidmheasa, faoi Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon duine den sórt sin ag gníomhú de chomhbheart dóibh a bheartaíonn sealúchas cáilithe in eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha a fháil, go díreach nó go hindíreach, nó sealúchas cáilithe den sórt sin a mhéadú, go díreach nó go hindíreach, ionas go sroichfeadh nó go sáródh sciar na gceart vótála nó an chaipitil atá á shealbhú 20 %, 30 % nó 50 %, nó ionas go mbeadh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha ina fhochuideachta aige, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn d'údarás inniúil an eisitheora faoi, agus méid an tsealúchais atá beartaithe agus an fhaisnéis a cheanglaítear san RTS arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2023/1114 á gcur in iúl. Ar bhealach comhionann, faoin bhforáil chéanna, aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cinneadh déanta aige nó aici sealúchas cáilithe in eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha a dhiúscairt, go díreach nó go hindíreach, déanfaidh sé nó sí, sula ndiúscrófar an sealúchas sin, fógra a thabhairt i scríbhinn don údarás inniúil faoina c(h)inneadh agus cuirfidh sé nó sí méid an tsealúchais sin a chur in iúl. Ba cheart don duine sin fógra a thabhairt freisin don údarás inniúil i gcás ina bhfuil cinneadh déanta aige nó aici sealúchas cáilithe a laghdú ionas go dtitfeadh sciar na gceart vótála nó an chaipitil atá á shealbhú faoi bhun 10 %, 20 %,

[8] Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a gceadaítear dóibh a gcuid urrús a thrádáil ar mhargadh rialaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch 38–57).

30 % nó 50 %, nó ionas go scoirfeadh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha de bheith mar fhochuideachta ag an duine sin.

(c) Maidir le comharthaí sócmhainn-tagartha arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa, déantar fógraí faoi éadálacha nó faoi dhiúscairtí sealúchas cáilithe do na húdaráis inniúla a rialáil faoi chreat CRR/CRD[9].

(d) Maidir le comharthaí ríomh-airgid arna n-eisiúint ag institiúidí ríomh-airgid, bunaítear le hAirteagal 3 de Threoir 2009/110/CE[10] rialacha coibhéiseacha maidir le fógra a thabhairt faoi éadálacha agus faoi dhiúscairtí sealúchas cáilithe do na húdaráis inniúla.

20. Braitheann líon na rónna atá le tuairisciú do na teimpléid seo ar na treoracha thuas agus ar shonraíochtaí breise, de réir mar is gá.

XII. Treoracha a bhaineann le staideanna sonracha theimpléad S 10.02

| Colúin | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **Ainm an Duine Nádúrtha/Dhlítheanaigh**<br>Ainm an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá faoin raon feidhme, ag brath ar an luach z-aise don teimpléad. |
| 0020 | **Cód**<br>Cód an eintitis atá faoin raon feidhme, amhail uimhir aitheantais náisiúnta le haghaidh daoine nádúrtha nó cód aitheantóra eintitis dhlítheanaigh (LEI) le haghaidh daoine dlítheanacha, nó aon aitheantóir oifigiúil eile is infheidhme atá ar fáil, ag brath ar an luach z-aise don teimpléad. Má tá LEI ar fáil, ba cheart an LEI sin a thuairisciú. |
| 0030 | **Cineál cóid**<br>An cineál cóid a thuairiscítear i gcolún 0020 don eintiteas atá faoin raon feidhme.<br>Cineálacha cód do dhaoine dlítheanacha agus do dhaoine nádúrtha:<br>1. cód aitheantóra eintitis dhlítheanaigh (LEI)<br>2. uimhir chlárúcháin náisiúnta oifigiúil nó Aitheantóir Uathúil Eorpach (EUID) a chuirtear ar fáil faoi Threoir (AE) 2017/1132[11] |

[9] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 26 Meitheamh 2013, maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch 338–436).

[10] Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun gnó institiúidí ríomh-airgid, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirseacht stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009).

[11] Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

| | |
|---|---|
| | 3. uimhir chánach chláraithe oifigiúil<br>4. uimhir aitheantais náisiúnta<br>5. uimhir chánach náisiúnta<br>6. uimhir pas<br>7. cineál uimhreach aitheantais eile<br><br>Ba cheart an cineál cóid a thuairisciú i gcónaí. |
| 0040 | **Cineál institiúide**<br><br>An cineál institiúide atá faoin raon feidhme, más infheidhme, ag brath ar an eintiteas atá faoin raon feidhme agus ar an luach z-aise don teimpléad. Tá an liosta thíos le húsáid:<br><br>• G-SII<br>• O-SII<br>• Institiúid Mhór (seachas G-SII nó O-SII)<br>• Eile (Rialta agus SNCInna) |
| 0050 | **Méid/Margadhluach**<br><br>Méid nó margadhluach an tsealúcháis, ag brath ar an luach z-ais don teimpléad. |
| 0060 | **Mar % de na sealúchais iomlána**<br><br>An céatadán den luach tuairiscithe i gcolún 0040 den teimpléad seo i gcomparáid leis na sealúchais iomlána ábhartha. |

| z-ais | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| Sealbhóirí/<br><br>sealúchais cháilithe | Ba cheart don eisitheoir teimpléid ar leithligh a thuairisciú le haghaidh gach ceann de na cineálacha seo a leanas:<br><br>▪ Príomhshealbhóirí cáilithe<br>▪ Éadálacha sealúchas cáilithe<br>▪ Diúscairtí sealúchas cáilithe |

XIII. Barúlacha ginearálta faoi theimpléad S 10.03

21. Áirítear i dTeimpléad S 10.03 faisnéis maidir le meánlíon agus meánluach comhiomlán na n-idirbheart in aghaidh an lae le linn na tréimhse tuairiscithe, a bhaineann lena úsáidí mar mhodh malartaithe agus a mheastar a bheith ina insreabhadh chuig an Aontas nó ina eis-sreabhadh ón Aontas. Beidh an fhaisnéis sin a chuirtear ar fáil leis an teimpléad seo ábhartha don mheasúnú ar shuntas i gcomhréir le hAirteagal 43(1)(e) agus mar a

shonraítear tuilleadh in Airteagal 2(1)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1506 ón gCoimisiún.

22. Chun críche an teimpléid seo, ba cheart go mbeadh na hidirbhearta sin atá faoin raon feidhme a shainmhínítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus a shonraítear tuilleadh sna caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 22(6) de Rialachán (AE) 2023/1114 mar idirbhearta a bhaineann lena úsáidí mar mhodh malartaithe.

23. Ba cheart go leanfadh an teimpléad seo na ceanglais, an mhodheolaíocht agus an raon feidhme a leagtar amach sna caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 22(6) de Rialachán (AE) 2023/1114, cé is moite de na sonraíochtaí seo a leanas:

(a) Maidir leis an teimpléad seo, ba cheart gurb iad na comharthaí atá faoin raon feidhme na comharthaí sócmhainn-tagartha agus na comharthaí ríomh-airgid go léir, lena n-áirítear comharthaí ríomh-airgid a thagraíonn d'airgeadra de chuid an Aontais.

(b) Maidir leis an teimpléad seo, tá íocaí nó íocóir an idirbhirt lonnaithe laistigh den Aontas. Nuair is é an t-íocóir an duine atá lonnaithe san Aontas, tá na hidirbhearta sin le cur san áireamh i ró 0020 Eis-sreabhadh ón AE. Nuair is é an t-íocaí an duine atá lonnaithe san Aontas, tá na hidirbhearta sin le cur san áireamh i ró 0010 Insreabhadh chuig an Aontas.

(c) Maidir leis an teimpléad seo, ní theastaíonn aon mhiondealú ar an limistéar airgeadra aonair.

XIV. Treoracha a bhaineann le staideanna sonracha theimpléad S 10.03

| Ró | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **<u>Insreabhadh chuig an Aontas</u>**<br>Na hidirbhearta sin ina bhfuil íocaí an idirbhirt lonnaithe san Aontas agus íocóir an idirbhirt lonnaithe lasmuigh den Aontas. |
| 0020 | **<u>Eis-sreabhadh ón Aontas</u>**<br>Na hidirbhearta sin ina bhfuil íocóir an idirbhirt lonnaithe san Aontas agus íocóir an idirbhirt lonnaithe lasmuigh den Aontas. |

| Colún | Tagairtí dlí agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **<u>Uimhir</u>**<br><br>Meánlíon na n-idirbheart in aghaidh an lae, arna ríomh mar an líon iomlán idirbheart atá san áireamh i raon feidhme na tréimhse tuairiscithe agus arna roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse thuairiscithe. |
| 0020 | **<u>Méid</u>**<br><br>Meánluach comhiomlán na n-idirbheart in aghaidh an lae, arna ríomh mar shuim luachanna na n-idirbheart uile atá san áireamh i raon feidhme na tréimhse tuairiscithe agus arna roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse thuairiscithe. |